

GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II  
(180 marc)

31597

DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Gach ceist (1, 2, 3 agus 4) a fhreagairt.

CEIST 1

- PRÓS -

[40 marc]

Freagair A agus B anseo.

A - PRÓS DUALGAIS COMÓNTA - (25 mharc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

- (a) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear an tragóid sa scéal *Clann Uisnigh*. (25 mharc)

NÓ

- (b) "Dúradh liom go dtugann na leathanaigh seo cur síos an-bháúil ar mhuintir Shíomóin agus go léirítear iad mar dhaoine cneasta." *Seán Ó Riain*

Déan plé **gairid** ar ráiteas seo an údair maidir lena bhfuil i gceist sa sliocht as *Seal le Síomón*. (25 mharc)

B - PRÓS ROGHNACH - (15 mharc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

- (a) Maidir le scéal ar bith nó gearrscéal nó úrscéal nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh an téama atá ann agus déan plé **gairid** ar an bhforbairt a dhéantar ar an téama sin ó thosach deireadh an tsaothair sin.  
[Ní mór teideal an tsaothair a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.] (15 mharc)

NÓ

- (b) Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh an cuspóir, dar leat, a bhí ag an údar an saothar a scríobh ó thús agus tabhair cuntas **gairid** ar an gcaoi ar éirigh (nó nár éirigh) leis an údar an cuspóir sin a bhaint amach.  
[Ní mór teideal an tsaothair sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.] (15 mharc)

THALL →

Freagair do rogha ceann **amháin** de A, B, C, D anseo thíos.

**A - GEARRSCÉALTA - (40 marc)**

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) **SCOTHSCÉALTA** (40 marc)  
 (i) "Sa scéal, *An Bhean a Ciapadh*, ba iad na difríochtaí móra a bhí idir an Búrcach agus Máire, ó thaobh dearcaidh agus pearsantachta de, ba chúis leis an droch-chríoch a bhí i ndán dóibh."  
 É sin a phlé.

**NÓ**

- (ii) "I gcuid de na scéalta sa leabhar seo, léirítear gur mór an trua é 'an fear a bheireas na seacht ngrá do bhean'."  
 É sin a phlé i gcás **ceann amháin** de na scéalta seo: - *Teatrac na Gailili, Ná Lig Sinn i gCathú, An Bhean Ar Leag Dia Lámh Uirthi*.

- (b) **CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an bpearsa is **daonna (nó mídhaonna)** ann agus ar an gcaoi a léirítear an daonnacht (**nó** an mhídhaonnacht) sin.  
 [Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

- (ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, scríobh tuairisc ar **dhá cheann ar bith** de na gnéithe seo a leanas: - an léargas a thugtar ar intinn na príomhphearsan ann; an t-athrú a thagann ar an bpríomhphearsa ann; an chaoi a dtéann an phríomhphearsa i ngleic le fadhb éigin ann; dea-chaidreamh (**nó** droch-chaidreamh) idir na pearsana ann; críoch an scéil agus an chaoi a gcuideíonn sé le struchtúr an ghearrscéil.  
 [Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**B - ÚRSCÉALTA - (40 marc)**

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) **MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)  
 (i) "San úrscéal seo déantar cur síos ar scoilteanna truamhéalacha pobail agus creidimh agus ar an iarracht a dhéanann an fíorghrá na deighiltí sin a sháru."  
 É sin a phlé.

**NÓ**

- (ii) "Is é an léiriú a dhéantar ar óige Mháire an ghné is spéisiúla san úrscéal seo."  
 É sin a phlé.

- (b) **ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

- (i) "Is minic léiriú iontach in úrscéal ar thréithe an duine, dea-thréithe agus drochthréithe."  
 É sin a phlé maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.  
 [Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

- (ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc air faoi **dhá cheann** de na ceanteidil seo a leanas: - forbairt an téama; an chaoi a dtéann na príomhphearsana i bhfeidhm ar a chéile; an léiriú ann ar stair shóisialta an phobail; inchreidteacht (**nó** dochreidteacht) an scéil.  
 [Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**C - DÍRBHEATHAISNÉISÍ - (40 marc)**

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **A THIG NÁ TIT ORM**

(40 marc)

(i) "Ceann de phríomhbhuanna an leabhair seo ná an greann".  
É sin a phlé.

**NÓ**

(ii) "Déanann Maidhc Dainín léiriú éifeachtach ar an gcineál saoil a chaitheadh lucht imirce i Sasana sna caogaidí".  
É sin a phlé.

(b) **DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH**

(40 marc)

(i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, luaigh an tréith de chuid an údair is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus déan plé ar an gcaoi a léirítear an tréith sin sa dírbheathaisnéis.  
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

(ii) "Is iondúil go dtugann eachtraí nó foscéalta i ndírbheathaisnéis an-léargas dúinn ar mheon an phobail lenar bhain an t-údar agus ar an gcineál saoil a bhí acu."  
É sin a phlé maidir le **dhá cheann** de na heachtraí nó de na foscéalta úd sa dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi.  
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**D - DRÁMAÍ - (40 marc)**

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **AN TRIAIL**

(40 marc)

(i) "Briseadh rialacha, sárú geasa is bun le tragóid go traidisiúnta."

Déan trácht ar **dhá cheann** de na rialacha a briseadh agus ar an gcaoi a gcabhraíonn briseadh na rialacha seo le gné na tragóide a léiriú sa dráma seo.

**NÓ**

(ii) Déan plé ar an bpáirt a ghlacann do rogha **bheirt** díobh seo thíos sa dráma agus ar an mbaint atá acu leis an príomhphearsa:- Seán Ó Cathasaigh, Bean Uí Chinsealaigh, Mailí, Seánín an Mhótair.

(b) **DRÁMA ROGHNACH**

(40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc ar fhadhb (**nó** ar dheacracht **nó** ar choimhlint) a bhain le duine de na príomhphearsana ann, ar an iarracht a rinne an príomhphearsa sin chun an fhadhb (**nó** an deacracht **nó** an choimhlint) a réiteach agus ar an toradh a bhí ar an iarracht sin.  
[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

**NÓ**

(ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan trácht ar **bheirt** de na mionphearsana ann agus ar an bpáirt a bhí acu príomhthéama an dráma a chur chun cinn. Luaigh fáth amháin ar thaitin (**nó** nár thaitin) gach duine den bheirt leat.  
[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

THALL →

Freagair A, B, agus C anseo.

**A - DÁNTA DUALGAIS COMÓNTA - (20 marc)**

Freagair (a) nó (b) anseo.

- (a) (i) Cad é príomhthéama an dáin, *Fothrach Tí i Mín na Craoibhe* (thíos), dar leat? Déan plé **gairid** ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán. (12 mharc)
- (ii) Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as meafair sa dán. (8 marc)

**FOTHRACH TÍ I MÍN NA CRAOIBHE**

Tá creatlach an tseantí  
ag baint ceoil as an ghaoth;  
gan doras gan fuinneog gan sclátaí dín  
gach foscailt ina feadóg fhiáin  
ag gabháil fhoinn.

Ó bhinn go binn  
tá an teach tréigthe éirithe  
ina shiansa stoirmspreagtha.  
Mo cheol thú, a sheantí;  
a leithéid de phortaíocht  
ní chluinfí choíche  
ó theach téagartha teaghlaigh  
lá gaoithe.

**NÓ**

- (b) (i) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, agus a léirítear drochbhail agus cruachás an ainmhí sa dán, *Géibheann*. (12 mharc)
- (ii) "Tá réimse mór mothúchán le brath ar an dán seo."  
Luiigh an dá mhothúchán is treise a mhúsclaíonn an dán sin ionat féin agus déan trácht **gairid** ar na fáthanna a músclaíonn an dán an dá mhothúchán sin ionat. (8 marc)

**GEIBHEANN**

Ainmhí mé	ach anois
	luím síos
Ainmhí allta	agus breathnaím trí leathshúil
As na teochreasa	ar an gcrann aonraic sin thall
a bhfuil cliú agus cáil	
ar mo scéimh	tagann na céadta daoine
	chuile lá
chroithfinn crainnte na coille	
tráth	a dhéanfadh rud ar bith
le mo gháir	dom
	ach mé a ligean amach.

## B - DÁNTA ROGHNACHA - (15 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le dán **amháin** as do chuid dánta roghnacha a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas ann:  
(i) an file ag trácht ar óige (*nó* ar sheanaois); (ii) grá (*nó* fuath) a bheith ag an bhfile do dhuine nó d'áit éigin; (iii) saol na cathrach (*nó* na tuaithe) a bheith faoi chaibidil ag an bhfile; (iv) ceist faoin mBás (*nó* faoin mBeatha) a bheith á cíoradh ag an bhfile; (v) eagla (*nó* misneach) a bheith i gceist; (vi) gné éigin den dúlra (*nó* den stair) a bheith á léiriú;  
déan trácht **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin téama atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an téama sin os ár gcomhair. (7 marc)
- (b) Maidir leis an **dán céanna**, déan plé **gairid** ar na cúiseanna a ndeachaigh an dán áirithe sin i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go soiléir.]

## C - DÁNTA DUALGAIS BREISE - (35 mharc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

- (a) Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.
- (i) Maidir leis an dán, *Fuaras Mian* (thíos), déan plé **gairid** ar an bpríomhthéama ann agus ar an gcaoi a gcuirtear romhainn é. (20 marc)
- (ii) Míniú a bhfuil i gceist ag an bhfile sa dá líne:-  
*"Léigfead dóibh  
dánta slóigh an bheatha bhuaín;"* (6 mharc)
- (iii) Luaigh **trí** phointe faoi mheadaracht an dáin seo. (9 marc)

### FUARAS MIAN

Fuaras mian,  
rí saidhbhir agus é fial;  
file mise ag iarraidh grás  
mar dhleaghar gach dámh do riar.

Mo rí mór,  
rí nach cuireann suim i stór;  
ag so an rí dhíolas gach neach  
den uile, idir bheag is mór.

Mo rí féin,  
rí nach diúltann neach fán ngréin;  
ós é is fhearr dhíolfas mo dhán  
molfad tar cách mo rí féin.

Léigfead dóibh  
dánta slóigh an bheatha bhuaín;  
molfad feasta rí na ríogh,  
ós é Críost is fhearr fá dhuais.

THALL →

## NÓ

(b) Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) Déan trácht **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is atá an léiriú a dhéantar sa dán, *An Seanghalar* (thíos), ar an ngrá agus ar an gcaoi a dtéann an grá i bhfeidhm ar an té atá i ngrá. (20 marc)
- (ii) Cad atá i gceist ag an bhfile sa véarsa deireanach ("Is, a chaológánaigh ... tú dhearmad")? (9 marc)
- (iii) Nóta **gairid** uait faoi oiriúnacht an teidil, dar leat, dá bhfuil i gceist sa dán. (6 mharc)

## AN SEANGHALAR

Cad a bhí it éadan go ngéillfinnse dod bhréithre?  
Níor dheineas ort ach féachaint is do thréig mo chiall;  
Claondearc na súl nglas, do choiscéim ab éadrom,  
Do chéasadar mo chroise, is go réidh ní chuirfead díom.

Is, a chaológánaigh, ba chráite an mhaise dhuit.  
Teacht aniar aduaidh orm go cúthail i ngan fhios dom -  
Caidreamh go dtí seo riamh níor braitheadh eadrainn  
Ach malartú beannacht leat ag gabháil dúinn chun an aifrinn.

Ógmhná na dúthaí seo, má ritheadar id dhiaidh,  
Má thiteadar le baois duit, nár chuma liom a gcás?  
Beag dá bharr anois agam suite cois an chlaí  
Ag feitheamh féach an bhfeicfinn thú tharam chun na trá.

Is, a chaológánaigh, is fada liom an tseachtain seo,  
Is gach greim bídh dá n-ithimse is láidir ná go dtachtann mé -  
A Dhia mhóir na glóire, ní fiú bheith beo mar mhairimse!  
Is nach crosta é an grá so don té a raghadh gafa ann?

Mar leoithne úr ón bhfarraige i meirfean an lae  
Airim do theacht in aice liom, is is gile liom ná bláth  
Na bhflaige mhuí san abhainn uaim á leathadh féin le gréin  
Aon amharc ort - is nárbh fhearra dhom dá bhfanfá uaim go brách!

Is, a chaológánaigh, do réifeadh dom fáil scartha leat -  
Cleamhnas dom do dhéanfadh mo mhuintir i bhfad as so;  
Salmaireacht na cléire, sácaimint na heaglaise,  
Do thabharfaidís chun céille mé - dá mb'fhéidir liom tú dhearmad.

CEIST 4

- STAIR NA GAELGE -

[30 marc]

Scríobh gearrchuntas ar **dhá cheann** acu seo a leanas:-

(a) Do rogha **beirt** díobh seo:-

Cathal Buí Mac Giolla Gunna; Dubhghlas de hÍde; Peig Sayers; Máirtín Ó Cadhain; Seosamh Mac Grianna;  
Máirtín Ó Direáin; Nuala Ní Dhomhnaill; Siobhán Ní Shúilleabháin.

(b) An Ghaeilge mar theanga Cheilteach (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(c) An Rúraíocht (an laochscéalaíocht Ultach) (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(d) Filíocht na mBard (Filíocht na Scol) (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(e) An Aisling Pholaitiúil i Litríocht na Gaeilge (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(f) Tionchar do rogha **dhá cheann** de na teangacha seo a leanas ar an nGaeilge:-

Laidin, Lochlainnis, Francis, Béarla.